**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000003/2022**
**ar an gCoimisiún**
Riail 136

**Christine Anderson** (ID), **Ivan Vilibor Sinčić** (NI), **Francesca Donato** (NI), **Joachim Kuhs** (ID), **Markus Buchheit** (ID), **Jörg Meuthen** (ID), **Nicolaus Fest** (ID), **Bernhard Zimniok** (ID), **Clare Daly** (The Left), **Mick Wallace** (The Left), **Gerolf Annemans** (ID), **Tom Vandendriessche** (ID), **Filip De Man** (ID), **Virginie Joron** (ID), **Mislav Kolakušić** (NI), **Ernő Schaller-Baross** (NI), **Milan Uhrík** (NI), **Margarita de la Pisa Carrión** (ECR), **Hermann Tertsch** (ECR), **Jean-Paul Garraud** (ID), **Gilles Lebreton** (ID), **Annika Bruna** (ID), **Catherine Griset** (ID), **Jean-Lin Lacapelle** (ID), **Guido Reil** (ID), **Piernicola Pedicini** (Verts/ALE), **Sergio Berlato** (ECR), **Ladislav Ilčić** (ECR), **Stasys Jakeliūnas** (Verts/ALE), **Gunnar Beck** (ID), **Sylvia Limmer** (ID), **Roman Haider** (ID), **Harald Vilimsky** (ID), **Georg Mayer** (ID), **Robert Roos** (ECR), **Jaak Madison** (ID)

Ábhar: An ceart rochtana ar dhoiciméid faoi Airteagal 42 den Chairt um Chearta Bunúsacha agus conarthaí folaithe le monaróirí vacsaíní

Go dtí seo, ní dhearnadh na conarthaí le monaróirí vacsaíní amhail BioNTech/Pfizer, Moderna, CureVac, Johnson&Johnson, AstraZeneca, Sanofi-GfK agus conradh an 9 Samhain 2021 le Novavax, ar an gceann is déanaí, a fhoilsiú ach amháin le folaithe forleathana[1]. Fágtar ar lár go hiomlán sonraí tábhachtacha a bhaineann leis na conarthaí sna doiciméid atá foilsithe amhail praghas, seachadadh agus téarmaí íocaíochta, éifeachtúlacht ionchasach agus saincheisteanna dliteanais.

De réir shuíomh gréasáin na Parlaiminte ‘le córas daonlathach atá ceaptha don trédhearcacht, éascaítear do dhaoine a bheith rannpháirteach sna próisis chinnteoireachta. Ní éiríonn leis na hinstitiúidí dlisteanacht a bhaint amach agus teacht chun bheith níos éifeachtaí ach amháin má bhíonn siad go hiomlán cuntasach do na saoránaigh i gcónaí[2]’.

1. Cén fáth a ndearnadh na folaithe sin?

2. Cá mhéad a mheasann an Coimisiún go gcomhlíontar ceanglais trédhearcachta leis na conarthaí atá foilsithe?

3. Cé hé nó cé hí sa Choimisiún a raibh rochtain aige nó aici ar na conarthaí neamhfholaithe?

4. Cá mhéad a mheasann an Coimisiún go bhfuil a ghníomhaíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 42 den Chairt Eorpach um Chearta Bunúsacha (CFR)?

5. Conas is féidir le Feisirí den Pharlaimint agus le saoránaigh grinnscrúdú a dhéanamh ar bheartas caiteachais an Choimisiúin, a bheith rannpháirteach sna próisis chinnteoireachta agus dlisteanacht a thabhairt d’institiúidí amhail an Coimisiún mura ndéantar rochtain a thabhairt ar chonarthaí ar fiú na billiúin euro iad?

6. An ndéanfaidh an Coimisiún na conarthaí a nochtadh ina n-iomláine láithreach bonn agus iad a chur ar fáil do na saoránaigh uile?

Curtha síos: 2.2.2022

Spriocdháta i gcomhair freagra: 3.5.2022

---

1 https://ec.europa.eu/info/live-work-travel-eu/coronavirus-response/public-health/eu-vaccines-strategy_en#documents
2 https://www.europarl.europa.eu/at-your-service/de/transparency/